**CINNEADH (AE) 2023/2193 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 28 Meán Fómhair 2023**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna meithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, nó arna mbunú ina dhiaidh sin faoin gcomhaontú sin, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair bunaítear creat institiúideach, lena n-áirítear Comhairle Comhpháirtíochta, 19 gCoiste agus 4 mheitheal.

(3) Le hAirteagal 9(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair bunaítear an Mheitheal um Tháirgí Orgánacha, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; an Grúpa Oibre ar Mhótarfheithiclí agus ar Pháirteanna, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; an Grúpa Oibre um Tháirgí Íocshláinte, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; agus an Mheitheal um Chomhordú na Slándála Sóisialta faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe um Chomhordú na Slándála Sóisialta.

(4) Le hAirteagal 8(2), pointe (h), den Chomhaontú Trádála agus Comhair foráiltear go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoiste um Chomhpháirtíocht Trádála, i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le Teidil I go VII, Caibidil 4 de Theideal VIII, Teidil IX go XII de Cheannteideal a hAon de Chuid a Dó, Ceannteideal a Sé de Chuid a Dó agus Iarscríbhinn 27, meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh, nó an mhaoirseacht orthu a tharmligean chuig Coiste Speisialaithe Trádála. Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 8(4), pointe (f), den chomhaontú sin foráiltear go mbeidh sé de chumhacht ag Coistí Speisialaithe, maidir le saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta, meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá na meithleacha, faoi mhaoirseacht na gCoistí, le cúnamh a thabhairt do na Coistí i gcomhlíonadh a gcúraimí agus, go háirithe, tá siad le hobair na gCoistí a ullmhú agus tá siad le haon chúram a shannfaidh na Coistí orthu a dhéanamh.

(6) Le hAirteagal 9(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair foráiltear go bhfuil na meithleacha le bheith comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe agus go ndéanfaidh ionadaí ón Aontas agus ionadaí ón Ríocht Aontaithe comhchathaoirleacht orthu.

(7) De bhun Airteagal 9(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair tá na meithleacha lena rialacha nós imeachta féin a shocrú de chomhthoil.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

(8) Chun go bhfeidhmeoidh na meithleacha mar is ceart, tá gá le rialacha nós imeachta lena gcumhdaítear a n-oibriú agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar na rialacha nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, arna gcur in oiriúint go cuí do chuspóir agus d'fheidhmiú na meithleacha.

(9) Féadfaidh meitheal oiriúnuithe breise a ghlacadh, i ndáil le heilimintí neamhriachtanacha dena rialacha nós imeachta samplacha i gcás inar gá oiriúnuithe den sórt sin a dhéanamh de réir chuspóir agus fheidhmiú na meithle sonraí sin.

(10) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta le haghaidh na meithleacha a ghlacadh.

(11) Chun a áirithiú go nglacfaidh na meithleacha go tráthúil na rialacha nós imeachta, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm ar dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le glacadh na rialacha nós imeachta do mheithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, nó arna mbunú ina dhiaidh sin faoin gcomhaontú sin, leagtar amach é i Roinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le hoiriúnuithe, a mhéid a bhaineann le heilimintí neamhriachtanacha de na rialacha nós imeachta mar a leagtar amach i Roinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo maidir le meitheal shonrach, i gcás inar gá oiriúnuithe den sórt sin a dhéanamh de réir chuspóir agus fheidhmiú na meithle sin, déanfar é a shonrú a thuilleadh i gcomhréir le Roinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
F. GRANDE-MARLASKA GÓMEZ

ROINN I

**Rialacha Nós Imeachta Samplacha do Mheithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, nó arna mbunú ina dhiaidh sin faoin gComhaontú sin**

**an Comhaontú Trádála agus Comhair**

**Meithleacha**

**Rialacha Nós Imeachta**

*Riail 1*

**Cathaoirleach**

Tabharfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe fógra dá chéile maidir le hainm, post agus sonraí teagmhála chomhchathaoirligh ainmnithe a Meithle féin. Measfar go mbeidh an t-údarú ag comhchathaoirleach ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais nó na Ríochta Aontaithe faoi seach, go dtí an dáta a bheidh fógra tugtha don Pháirtí eile maidir le comhchathaoirleach nua.

Féadfar ainmní a chur in ionad comhchathaoirligh le haghaidh cruinniú ar leith nó cuid de. Tabharfaidh an comhchathaoirleach, nó a ainmní, fógra maidir leis an ainmniú sin don chomhchathaoirleach eile agus do Rúnaíocht na Meithle a luaithe is féidir. Tuigfear le haon tagairt sna Rialacha Nós Imeachta seo do na comhchathaoirligh go n-áirítear inti ainmní.

*Riail 2*

**Rúnaíocht**

Is oifigeach ón Aontas agus oifigeach ó Rialtas na Ríochta Aontaithe a bheidh i Rúnaíocht na Meithle. Feidhmeoidh an Rúnaíocht na cúraimí arna dtabhairt di leis na Rialacha Nós Imeachta seo, faoi mhaoirseacht an Choiste ábhartha.

Tabharfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe fógra dá chéile faoi ainm, faoi phost agus faoi shonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta de Rúnaíocht na Meithle, faoi seach. Measfar go leanfaidh an t-oifigeach sin de bheith ag gníomhú mar chomhalta den Rúnaíocht thar ceann an Aontais nó na Ríochta Aontaithe go dtí an dáta a bheidh fógra tugtha ag an Aontas nó ag an Ríocht Aontaithe maidir le chomhalta nua.

*Riail 3*

**Cruinnithe**

Reáchtálfaidh an Rúnaíocht gach cruinniú de chuid na Meithle ar dháta agus in am a chinnfidh na comhchathaoirligh. I gcás ina mbeidh iarraidh ar chruinniú déanta ag an Aontas nó ag an Ríocht Aontaithe, tabharfaidh an Páirtí eile aird chuí ar an iarraidh sin agus tabharfaidh sé freagra laistigh de 30 lá.

Reáchtálfaidh an Mheitheal a cruinnithe ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus i Londain, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt.

De mhaolú ar an dara mír , féadfaidh na comhchathaoirligh a chomhaontú go reáchtálfar cruinniú de chuid na Meithle trí fhíschomhdháil, trí theileachomhdháil nó i bhfoirm hibrideach.

*Riail 4*

**Rannpháirtíocht i gcruinnithe**

Tréimhse ama réasúnta roimh gach cruinniú, cuirfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, tríd an Rúnaíocht, comhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí féin in iúl dá chéile agus sonróidh siad ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na comhchathaoirligh, de chomhthoil, cuireadh a tabhairt do shaineolaithe (i.e. saineolaithe nach oifigigh rialtais iad) freastal ar chruinnithe de chuid na Meithle chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhar sonrach agus chun bheith i láthair nuair a phléifear na hábhair shonracha sin amháin.

*Riail 5*

**Doiciméid**

Déanfaidh an Rúnaíocht doiciméid i scríbhinn ar a mbeidh pléití na Meithle bunaithe a uimhriú agus a scaipeadh ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe.

*Riail 6*

**Comhfhreagras**

Seolfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a gcomhfhreagras atá dírithe ar an Meitheal tríd an Rúnaíocht é. Féadfar an comhfhreagras sin a sheoladh in aon fhoirm chumarsáide scríofa, lena n-áirítear ríomhphost.

Áiritheoidh an Rúnaíocht go ndéanfar comhfhreagras atá dírithe ar an Meitheal a sheachadadh chuig na comhchathaoirligh agus go ndéanfar é a scaipeadh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le Riail 5.

Déanfar gach comhfhreagras ó na comhchathaoirligh nó a bheidh dírithe chucu a chur ar aghaidh chuig an Rúnaíocht agus déanfar é a scaipeadh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le Riail 5.

*Riail 7*

**An clár oibre don chruinniú**

Dréachtóidh an Rúnaíocht dréachtchlár oibre sealadach le haghaidh gach cruinnithe. Déanfar é a tharchur, i dteannta na ndoiciméad ábhartha, chuig na comhchathaoirligh tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta an chruinnithe.

Áireofar ítimí a d'iarr an tAontas nó an Ríocht Aontaithe ar an gclár oibre sealadach. Déanfar aon iarraidh den sórt sin, i dteannta na ndoiciméad ábhartha, a chur chuig an Rúnaíocht tráth nach déanaí ná 7 lá roimh thús an chruinnithe.

Socróidh na comhchathaoirligh, tráth nach déanaí ná 3 lá roimh dháta an chruinnithe, an clár oibre sealadach le haghaidh an chruinnithe sin.

Glacfaidh an Mheitheal an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe, is de chomhthoil a fhéadfar ítim seachas na cinn atá ar an gclár oibre sealadach a chur leis an gclár oibre.

Féadfaidh na comhchathaoirligh, de chomhthoil, na tréimhsí ama a shonraítear sa chéad, dara, agus tríú mír a laghdú nó a mhéadú chun na riachtanais a bhaineann le cás ar leith a chur san áireamh.

*Riail 8*

**Miontuairiscí**

Maidir leis an oifigeach atá ag gníomhú mar chomhalta den Rúnaíocht thar ceann an Pháirtí a óstálfaidh an cruinniú, dréachtóidh sé dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de 7 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí eile chun barúlacha a fháil. Féadfaidh Rúnaíocht an Pháirtí sin barúlacha a chur isteach laistigh de 5 lá ón dáta a fhaightear na dréacht-mhiontuairiscí.

Tabharfar achoimre sna miontuairiscí, go hiondúil, ar gach ítim atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

— na doiciméid arna gcur faoi bhráid na Meithle;

— aon ráiteas ar iarr duine de na comhchathaoirligh é a chur leis na miontuairiscí; agus

— conclúidí oibríochtúla arna nglacadh maidir le hítimí ar leith.

Áireofar sna miontuairiscí, mar iarscríbhinn, liosta na rannpháirtithe ina leagfar amach, maidir le gach ceann de na toscaireachtaí, ainmneacha agus feidhmeanna na ndaoine uile a d'fhreastail ar an gcruinniú.

Déanfaidh an Rúnaíocht na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na comhchathaoirligh na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de 28 lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta eile a shocraíonn na comhchathaoirligh.

Nuair a fhormheasfar na miontuairiscí, déanfaidh comhaltaí na Rúnaíochta cóipeanna díobh a shíniú agus a thraschur chuig an Aontas agus chuig an Ríocht Aontaithe maille leis an gCoiste um Maoirseacht. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chomhaontú go gcomhlíonann síniú agus malartú cóipeanna leictreonacha an ceanglas sin.

*Riail 9*

**Rúndacht**

Mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt, beidh cruinnithe na Meithle faoi rún.

I gcás ina ndéanfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe faisnéis a chur faoi bhráid na Meithle, ar faisnéis rúnda nó cosanta í ar nochtadh faoi dhlíthe agus rialacháin an Aontais nó na Ríocht Aontaithe, is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh an páirtí eile leis an bhfaisnéis sin.

Féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh cláir oibre shealadacha a phoibliú roimh chruinniú na Meithle. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh freisin miontuairiscí an chruinnithe a phoibliú i ndiaidh a bhformheasta i gcomhréir le Riail 8.

Déanfar na doiciméid dá dtagraítear sa tríú mír a fhoilsiú i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí is infheidhme an dá Pháirtí.

*Riail 10*

**Teangacha**

Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag an Meitheal. Mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt, is ar dhoiciméid arna n-ullmhú i mBéarla a bhunóidh an Mheitheal a cuid plé.

*Riail 11*

**Caiteachas**

Íocfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe araon as aon chaiteachas a thabhóidh siad de dhroim rannpháirtíocht i gcruinnithe na Meithle.

Is é an Páirtí a óstálfaidh an cruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le heagrú cruinnithe agus atáirgeadh doiciméad.

Is é an páirtí a iarrann ateangaireacht go teanga oibre agus ó theanga oibre na Meithle a íocfaidh as costas na hateangaireachta sin.

*Riail 12*

**Tuairisciú**

Cuirfidh an Mheitheal an Coiste um maoirseacht ar an eolas faoi sceideal agus cláir oibre a cruinnithe luath go leor roimh na cruinnithe sin, agus cuirfidh siad tuairisc faoi bhráid an Choiste sin ar thorthaí agus ar chonclúidí gach cruinnithe.

ROINN II

**Seasamh an Aontais maidir le sonraíochtaí na Rialacha Nós Imeachta do Mheithleacha**

Sula nglacfaidh meitheal oiriúnuithe maidir le heilimintí neamhriachtanacha dá rialacha nós imeachta arna nglacadh mar a leagtar amach i Roinn I, i gcás inar gá na hoiriúnuithe sin a dhéanamh de bharr chuspóir agus fheidhmiú na meithle sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle in am trátha roimh chruinniú na meithle sin nó roimh an nós imeachta i scríbhinn sa mheitheal sin, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná 8 lá oibre roimh an gcruinniú sin nó roimh úsáid an nós imeachta i scríbhinn sin, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe ar sheasamh an Aontais atá le plé agus formhuiniú mhionsonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais.